| | |
|---|---|
| **COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH** | **An Bhruiséil, 7 Aibreán 2014 (OR. en, pt)** |
| | **8241/14 ADD 1** |
| **Comhad Idirinstitiúideach: 2011/0359 (COD)** | |
| | **CODEC 916 DRS 45** |

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh **(GR + R)**<br>= Ráitis |

**<u>Ráiteas ón Laitvia</u>**

Tacaíonn an Laitvia le glacadh an dréacht-Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí go ginearálta. Tacaíonn an Laitvia go hiomlán leis an aidhm atá sa dréacht-Rialachán an ról atá ag iniúchóirí na n-eintiteas leasa phoiblí a shoiléiriú agus rialacha níos déine a thabhairt isteach don earnáil iniúchóireachta a bheadh dírithe go sonrach ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí a neartú mar aon le héagsúlacht níos fearr a thabhairt isteach sa mhargadh iniúchóireachta thar a bheith comhchruinnithe atá ann faoi láthair. Mar sin féin, tá sé ina ábhar imní i gcónaí don Laitvia go bhfuil sé dóchúil go mbeidh éifeacht dhiúltach ag an mbeart atá molta, eadhon uasteorainn ar tháillí 70% ó sheirbhísí neamhiniúchóireachta ar an rochtain atá ag eintitis leasa phoiblí beaga ar sheirbhísí neamhiniúchóireachta agus d'fhéadfadh sin fadhbanna eile a chruthú maidir le hualach riaracháin agus airgeadais. Go hiondúil, is iad na cuideachtaí liostaithe beaga a úsáideann a gcuid iniúchóirí go háirithe le haghaidh seirbhísí a bhaineann le comhlíonadh ós rud é nach bhfuil an saineolas inmheánach sin acu agus go bhfuil costéifeachtacht agus costéifeachtúlacht soláthraí aonair níos fearr go comhréireach.

**Ráiteas ón bPortaingéil**

Measann an Phortaingéil go bhfuil dul chun cinn i gceist maidir le hathchóiriú an mhargaidh airgeadais i bhfianaise an pacáiste reachtach seo a ghlacadh, agus leagann sí béim ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí, gnéithe arbh fhéidir leo muinín a athmhúscailt sna margaí agus ar na margaí. Chuige sin agus ar mhaithe le comhréiteach, tacaíonn an Phortaingéil le toradh deiridh na caibidlíochta sin.

Mar sin féin, maidir le maoirseacht a dhéanamh ar na húdaráis iniúchóireachta, tá an Phortaingéil tar éis é a léiriú le linn na caibidlíochta gurbh fhearr léi inniúlacht maidir le hiniúchóireacht ar ESMA, a thabharfadh chucu na cúraimí a bhí ag Grúpa Eorpach Comhlachtaí Formhaoirseachta Iniúchóireachta (GECMI) roimhe seo, mar a bhí i gceist leis an mbuntogra ón gCoimisiún Eorpach.